# Coláiste Cholumba

**Polasaí Cosaint Sonraí**

Dáta an leagain seo: 16ú Bealtaine 2024

Spriocdháta athbhreithnithe:9ú Bealtaine 2026

Clár Ábhar:


- Bunphrionsabail (lch.2)
- Rannóga agus cineálacha sonraí atá idir lámha
  - Rannóg Pearsanra (lch.3)
  - Bord Stiúrtha (lch. 3)
  - Rannóg Traenála (lch. 4)
  - Rannóg Cúram Leanaí (lch. 6)
  - Rannóg Óige (lch. 7)
  - Campaí Samhraidh (lch. 7)
  - An Cartlann Béaloidis (lch. 8)
- Rólanna agus freagrachtaí (lch. 9)
- Clár coinneála (lch. 10)
- Scriosadh sceidealta sonraí (lch. 12)
- Iarratais rochtana (lch. 14)
- Sárú ar shonraí (lch. 15)
- Foirmeacha
  - Dréacht nótaí eolais agus toilithe (lch. 16)
  - Foirm Chinntithe Coinneála (lch. 17)
  - Teimpléid Tuairiscithe Sárú ar Shonraí (lch. 18)

# Bunphrionsabail

Beidh Coláiste Cholumba ag cloí leis an reachtaíocht mar atá leagtha amach in *Achtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003* chomh maith leis na dualgais faoin Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí 2018.

Beidh Coláiste Cholumba ag cinntiú go mbeidh sonraí pearsanta á chosaint ar gach bealach. Chuige sin beidh Coláiste Cholumba ag cinntiú:

- Nach mbeidh sonraí nár cheart a bheith á gcoinneáil i seilbh an Choláiste.
- Go mbaileofar sonraí, más gá iad a bhailiú, le toil agus aontú an té lena mbaineann siad, de réir na próisis atá leagtha amach sa bpolasaí seo.
- Nach mbaileofar sonraí nach gá a bhailiú.
- Nach mbainfear úsáid as sonraí pearsanta ach amháin don chuspóir lena bailíodh iad.
- Nach gcoinneofar sonraí thar an tréimhse sceidealta a bhaineann lena gcuspóir agus leis an reachtaíocht ábhartha.
- Go gcoinneofar sonraí pearsanta ar bhealach sábháilte agus rúnda.
- Nach roinnfear sonraí pearsanta le haon tríú pháirtí ach amháin sa gcás is go bhfuil gá leis de réir reachtaíocht.
- Go gcinnteofar go dtuigfidh úinéirí na sonraí cé iad na sonraí dá gcuid atá i seilbh an Choláiste, cén fáth gur bailíodh iad agus cén úsáid a bhainfear astu.
- Go gcuirfear próiseas i bhfeidhm trína féidir do aon duine a bhfuil a c(h)uid sonraí i seilbh Choláiste Cholumba na sonraí sin a fheiceáil, a iniúchadh, agus a cheartú más gá.
- Go dtuigfidh ball foirne an Choláiste a gcuid dualgais dtaca le cosaint sonraí de réir an pholasaí seo agus na reachtaíochta ábhartha.

# Rannóga agus cineálacha sonraí atá idir lámha

| Rannóg: | Pearsanra |
|---|---|
| Na pearsana lena mbaineann na sonraí: | Fostaithe |
| Toiliú an té lena mbaineann na sonraí: | Tugtha |
| An Cineál sonraí atá i gceist: | Ainm, sloinne, seoladh & sonraí teagmhála eile, dátaí breithe, Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí, sonraí pá, cúrsaí cánach, an conradh, cáilíochtaí, sonraí feithicle, uimhir comhairle múinteoireacht, sonraí sláinte, as láithreachas tinnis, as láithreachas ar chúinsí teaghlaigh, neasghaol, cearta pinsin; eolas grinnfhiosrúcháin gardaí (más ábhartha) |
| An fáth go bhfuil na sonraí á gcoinneáil: | Dlí fostaíochta & cúrsaí cánach, teidlíocht saoire, costais taistil, árachas fostaíochta |
| An t-achar a choinnítear na sonraí: | Le linn na tréimhse fostaíochta agus sé bliana ó dheireadh na bliana ina gcríochnaíonn an fhostaíocht |
| An chaoi ar fritheadh na sonraí: | Ón bhfostaí |
| An bunús atá leis na sonraí a choinneáil: | A. Fostaíocht atá ag leanacht ar aghaidh<br>B. Tréimhse sceidealta de réir dlí tar éis deireadh na fostaíochta |
| An áit ina bhfuil na sonraí coinnithe: | In oifig an Choláiste ar an gCeathrú Rua Pearsanra chomh maith le oifig an cuntasóir , O Gorman & Co. Gaillimh |
| An fhormáid ina bhfuil na sonraí coinnithe: | Cuid acu ar pháipéar agus cuid acu go leictreonach |
| Má roinntear na sonraí le aon dream eile: | Roinntear cuid acu le Oifig na gCigirí Cánach de réir dualgas reachtúil an fhostóra. Roinntear an t-eolas chomh maith ar riarthóir páigh an Choláiste in oifig O Gorman & Co. Gaillimh. |
| Na baill foirne atá freagrach as na sonraí: | Bainistíocht an Choláiste |

| Rannóg: | Pearsanra |
|---|---|
| Na pearsana lena mbaineann na sonraí: | Iarrthóirí ar phoist |
| Toiliú an té lena mbaineann na sonraí: | Sonraí curtha ar fáil as a stuaim féin |
| An Cineál sonraí atá i gceist: | Ainm, sloinne, seoladh, cáilíochtaí, sonraí teagmhála, torthaí agallaimh |
| An fáth go bhfuil na sonraí á gcoinneáil: | Ar mhaithe le folúntais a líonadh |
| An t-achar a choinnítear na sonraí: | Go dtí go mbeidh an folúntas líonta |
| An chaoi ar fritheadh na sonraí: | Ón iarrthóir |
| An bunús atá leis na sonraí a choinneáil: | Iarratas an iarrthóra |
| An áit ina bhfuil na sonraí coinnithe: | In oifig an Choláiste ar an gCeathrú Rua |
| An fhormáid ina bhfuil na sonraí coinnithe: | Cuid acu ar pháipéar agus cuid acu go leictreonach |
| Má roinntear na sonraí le aon dream eile: | Rúnaí, Bainisteoirí & Príomhoide an Chúrsa |
| An ball foirne atá freagrach as na sonraí: | Na bainisteoirí |

| Rannóg: | Bord Stiúrtha |
|---|---|
| Na pearsana lena mbaineann na sonraí: | Stiúrthóirí |
| Toiliú an té lena mbaineann na sonraí: | Tugtha/intuigthe |
| An Cineál sonraí atá i gceist: | Ainm, sloinne, sonraí teagmhála, miontuairiscí cruinnithe bord, cúlra ainmniúcháin |
| An fáth go bhfuil na sonraí á gcoinneáil: | Dlí corparáideach & rialacha Roinn na Gaeltachta & na Roinne Oideachas |
| An t-achar a choinnítear na sonraí: | De réir tréimhsí sceidealta sa dlí corparáideach |
| An chaoi ar fritheadh na sonraí: | Ó na stiúrthóirí agus ó chruinnithe bord |
| An bunús atá leis na sonraí a choinneáil: | Dlí corparáideach |
| An áit ina bhfuil na sonraí coinnithe: | In oifig an Choláiste |
| An fhormáid ina bhfuil na sonraí coinnithe: | Comhaid páipéir agus leictreonacha |
| Má roinntear na sonraí le aon dream eile: | An Oifig Um Chlárú Cuideachtaí |
| An ball foirne atá freagrach as na sonraí: | Rúnaí an chomhlachta |

| Rannóg: | Pearsanra |
|---|---|
| Na pearsana lena mbaineann na sonraí: | Rúnaí, glantóirí .Múinteoirí / ard chinnirí & foireann na gcúrsaí |
| Toiliú an té lena mbaineann na sonraí: | Tugtha |
| An Cineál sonraí atá i gceist: | Ainm, sloinne, seoladh & sonraí teagmhála eile, dátaí breithe, Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí, sonraí pá, cúrsaí cánach, an conradh, cáilíochtaí, sonraí feithicle, ballraíocht cheardchumainn, sonraí sláinte, as láithreachais tinnis, as láithreachais ar chuinsí teaghlaigh, neasghaol, cearta pinsin. Sonraí teagmhála; sonraí grinnfhiosraithe an Gharda Síochána. |
| An fáth go bhfuil na sonraí á gcoinneáil: | Dlí fostaíochta agus cúrsaí cánach, teidlíocht saoire, costaisí taistil, árachas fostaíochta. |
| An t-achar a choinnítear na sonraí: | Ar feadh tréimhse bliana . |
| An chaoi ar fritheadh na sonraí: | Ó na teagascóirí féin |
| An bunús atá leis na sonraí a choinneáil: | Fostaíocht atá ag leanacht ar aghaidh do chúrsaí na bliana seo chugainn. |
| An áit ina bhfuil na sonraí coinnithe: | In oifig an Choláiste ar an gCeathrú Rua & an Chuntasóir O Gorman & Co. |
| An fhormáid ina bhfuil na sonraí coinnithe: | Comhaid páipéir agus comhaid leictreonacha |
| Má roinntear na sonraí le aon dream eile: | Roinntear cuid acu le hOifig na gCigirí Cánach de réir dualgas reachtúil an fhostóra. |
| An ball foirne atá freagrach as na sonraí: | An bainistíocht |

| Rannóg: | Daltaí |
|---|---|
| Na pearsana lena mbaineann na sonraí: | Scoláirí an chúrsa |
| Toiliú an té lena mbaineann na sonraí: | Tugtha |

| | |
|---|---|
| An Cineál sonraí atá i gceist: | Ainm, sloinne, seoladh, aois/dáta breithe, uimhreacha fóin, seoltaí ríomhphoist, uimhreacha PSP, sonraí leasa shóisialaigh, sonraí sláinte an ghasúir (fadhbanna sláinte, míchumas, ailléirgí, riachtanais speisialta, tinnis, taifead instealladh, dochtúir teaghlaigh), taifead ar athrú clúidíní, sonraí cothaithe, cúlra teanga clainne, grianghraif, físeáin, taifead ar thimpistí nó gortaithe; taifead ar eolas nó amhras maidir le sábháilteacht agus cosaint an linbh atá le tuairisciú do TUSLA de réir reachtaíochta. |
| An fáth go bhfuil na sonraí á gcoinneáil: | Sábháilteacht agus reáchtáil sásúil an chúrsa. Margaíocht |
| An t-achar a choinnítear na sonraí: | Coinníonn Coláiste Cholumba na sonraí fhad is a mhaireann cúrsaí an tsamhraidh. Scriosann muid an t-eolas taobh amuigh de na sonraí teagmhála i Mí Mean Fómhair gach bliain. Ina theannta sin coinníonn muid tuairisc ar aon ghortú nó eachtra tábhachtach i leabhar na n-eachtraí ar mhaithe le cúrsaí árachais ina dhiaidh sin. Beidh sonraí teagmháil na scoláirí dá choinneal ar feadh trí bliana ina dhiaidh sin ar mhaithe le cúrsaí margaíocht. |
| An chaoi ar fritheadh na sonraí: | Ó thuismitheoirí na scoláirí agus taifid a ghintear ag múinteoirí / Príomhoidí Choláiste Cholumba |
| An bunús atá leis na sonraí a choinneáil: | Ar mhaithe le reáchtáil an chúrsa, sábháilteacht an chúrsa agus de bharr éileamh an Chomhlacht Árachas. |
| An áit ina bhfuil na sonraí coinnithe: | In oifig an Choláiste ar an gCeathrú Rua |
| An fhormáid ina bhfuil na sonraí coinnithe: | Comhaid páipéir agus comhaid leictreonacha |
| Má roinntear na sonraí le aon dream eile: | Oifigí Roinn na Gaeltachta & cigirí An Roinn Oideachas |
| An ball foirne atá freagrach as na sonraí: | Bainistíocht |

| **Rannóg:** | **Teaghlaigh Lóistín** |
|---|---|
| Na pearsana lena mbaineann na sonraí: | Teaghlaigh lóistín ( Mná Tí agus clann ) |
| Toiliú an té lena mbaineann na sonraí: | Tugtha ag na teaghlaigh |
| An Cineál sonraí atá i gceist: | Ainm, sloinne, seoladh & sonraí teagmhála eile, dátaí breithe, Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí, sonraí pá, , an conradh, cáilíochtaí,. Sonraí teagmhála; sonraí grinnfhiosraithe an Gharda Síochána. |
| An fáth go bhfuil na sonraí á gcoinneáil: | Reáchtáil sábháilte an chúrsa, Cosaint leanaí agus rialacha Roinn na Gaeltachta |
| An t-achar a choinnítear na sonraí: | Fad atá an teaghlach ag coinneal scoláirí |
| An chaoi ar fritheadh na sonraí: | Ón teaghlach |
| An bunús atá leis na sonraí a choinneáil: | Mar thaifead ar reáchtáil sásúil an choláiste agus cloí le rialacha Roinn na Gaeltachta |
| An áit ina bhfuil na sonraí coinnithe: | Oifig An Choláiste ar an gCeathrú Rua |
| An fhormáid ina bhfuil na sonraí coinnithe: | Comhaid, páipéir, fuaime, físe agus comhaid leictreonacha |
| Má roinntear na sonraí le aon dream eile: | Le oifigí Roinn na Gaeltachta |

## Rólanna agus freagrachtaí

Freagracht ghinearálta agus mhór iomlán:

Bainisteoirí an Choláiste.

- Caoimhín Ó hEaghra
- Micheál Ó Domhnaill

Oifigigh Cosanta Sonraí dona rannóga éagsúla san eagraíocht:

- Sonraí teagmhála, comhaid phearsanta, sonraí saoire agus tinnis: An Rúnaí , Barbara Nic Dhonnacha
- Sonraí pá, pinsin agus cánach, mótarfheithiclí agus taistil, soláithreoirí agus fiachnóirí: An Rúnaí Barbara Nic Dhonnacha
- Aon sonraí a bhaineann le páistí atá nó a bhí cláraithe leis na seirbhísí cúram leanaí agus a dtuismitheoirí: Barbara Nic Dhonnacha

## Clár Coinneála

Tá sé mar bhunphrionsabal ag an bpolasaí seo nach gcoinneoidh Coláiste Cholumba aon sonraí pearsanta tar éis deireadh an tréimhse a bhaineann leis an gcuspóir lena bailíodh na sonraí. Caithfear, áfach, a chinntiú go gcloífear le tréimhsí reachtúla atá leagtha síos sa dlí nó i gconarthaí ábhartha maidir le coinneáil sonraí i gcásanna áirithe.

Má tá amhras ann ar cheart sonraí áirithe a scriosadh nó a choinneáil ag am áirithe, cuirfear an cheist faoi bhráid na Bainisteoirí. Gheofar comhairle dlí más gá. Tá Foirm Chinntithe Coinneála sa pholasaí seo (féach thíos sa gcaibidil "Foirmeacha") a chaithfidh a bheith líonta ag an mbainistíocht mar fhianaise ar an gceist a pléadh agus an cinneadh a déanadh.

**Tréimhsí reachtúla i leith sonraí a choinneáil**

| | |
|---|---|
| Eolas ar phá | 3 Bliana |
| Uaireanta oibre & eolas ábhartha | 3 Bliana |
| Eolas a bhaineann le iomarcaíocht chomhchoiteann | 3 Bliana |
| Taifid a bhaineann le saoire thuismitheoireachta | 8 mBliana |
| Saoire chúramóirí | 3 Bliana |
| Taifid a bhaineann le ceadúnas fostaíochta | 5 Bhliana nó tréimhse ama cothrom le fad an tréimhse fostaíochta |
| Taifid a bhaineann le timpistí | 10 mbliana |
| Taifid a bhfuil impleachtaí cánach ag baint leo | 6 Bhliana ó dheireadh na bliana cánach lena mbaineann siad |
| Taifid ar ghrinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána | 5 Bhliana |
| Taifid freastal, uainchláir foirne, timpistí & eachtraí | 2 Bhliain |
| Taifid tine | 5 Bhliana |
| Taifid gearáin | 2 Bhliain tar éis iad a bheith socraithe |

## Scriosadh sceidealta Sonraí

Scriosfar sonraí pearsanta de réir na critéir agus na spriocanna seo a leanas:

| Sonraí a bhaineann le: | Scriostar iad: |
|---|---|
| Fostaithe | 6 bhliana ó dheiridh an bhliain féilire ina gcríochnaíonn an fhostaíocht |
| Iarrthóirí ar phost | Nuair atá an folúntas líonta |
| | |
| Teagascóirí ar chúrsaí | Sonraí fostaíochta: 6 bhliana ó dheiridh an bhliain féilire ina gcríochnaíonn an fhostaíocht;<br>Sonraí teagmhála: Ní scriosfar riamh |
| Foghlaimeoirí ICS-Skills | Nuair atá an teastas a chláraigh an foghlaimeoir lena haghaidh bronnta *(NB: Tá polasaí, rialacha agus coinníollacha ag ICS-Skills maidir leis na sonraí do fhoghlaimeoirí atá ina seilbh siúd)* |
| Scolairí na gcúrsáí | Sonraí ballraíochta: Scriostar na seanfhoirmeacha tar éis an athchlárú bliantúil go h-iondúil i Mí Mean Fómhair na bliana tar éis freastal ar an gcúrsa<br>Sonraí faoi eachtra nó timpiste: Tar éis 10 mbliana, sin nó de réir comhairle dlí. Coinnítear aon taifid a mbíonn impleachtaí sláinte agus sábháilteachta (m.sh. tuairiscí timpiste) nó impleachtaí cosaint linbh leo faoi ghlas go fadthréimhseach. Déantar é sin ar mhaithe le fianaise a choinneáil faoi réir do chásanna a bheadh an páiste i dteideal a thógáil agus é/í fásta suas. |
| | |
| | |
| Fiachnóirí | 6 bhliana ó dheiridh an bhliain féilire ina fhaightear íocaíocht uathu |

Coinneofar eolas staitistiúil faoi líon na bhfoghlaimeoirí ar chúrsaí, ar feadh tréimhse neamhtheoranta ach an t-eolas sin a bheidh anaithnidithe.

## Iarratais Rochtana

Chun rochtain a fháil ar thaifead iomlán de na sonraí pearsanta de dhuine áirithe, ní mór don té lena mbaineann na sonraí iarratas i scríbhinn a sheoladh chuig an Bhainistíocht, Coláiste Cholumba, An Cheathrú Rua, Co na Gaillimhe nó chuig colaistecholumba@gmail.com. Freagrófar gach iarratas taobh istigh de deich lá oibre ón dáta a shroicheann an t-iarratas rochtana oifig Choláiste Cholumba.

## Sárú ar shonraí

Is éard a thuigtear le "sárú ar shonraí" i gcomhthéacs an pholasaí seo ná aon cheann de na cásanna seo a leanas:

- Má chuirtear sonraí pearsanta aon duine ar fáil (in aon turas nó trí thimpiste) do dhuine nó eagraíocht nach bhfuil bainteach leis an gcuspóir lena bailíodh na sonraí agus gan toiliú ón té le mbaineann na sonraí;
- Má théann comhaid páipéir nó leictreonacha ina bhfuil sonraí pearsanta amú ar an oifigeach atá freagrach astu agus nach bhfuiltear cinnte an bhfuair aon duine neamh-údaraithe seilbh orthu;
- Má éiríonn le duine neamh-údaraithe rochtain mídhleathach a fháil ar chomhaid ina bhfuil sonraí pearsanta (mar shampla tríd briseadh isteach in oifigí nó tríd cian-rochtain mí-dhleathach ar ríomhaire).

Má aithnítear gur tharla sárú ar shonraí, caithfear dhuine de bhainistíocht an Choláiste a chur ar an eolas faoi sin láithreach. Taobh istigh de 72 uair a chloig caithfear tuairisc a sheoladh chuig an gCoimisinéir Cosanta Sonraí ina mbeidh eolas faoi:

- An cineál sárú a tharla agus cén chaoi;
- An cineál sonraí atá i gceist;
- An méid (measta) daoine a bhaineann na sonraí a sáraíodh leo;
- An toradh atá nó a d'fhéadfadh a bheith ag an sárú sonraí;
- Na céimeanna a lean foireann Choláiste Cholumba chun dul i ngleic leis a sárú agus chun an drochthoradh a d'fheadfadh a bheith ar an sárú a theorannú nó a mhaolú.
- Má mheastar go bhféadfadh cearta cosanta sonraí daoine aonair a bheith sáraithe san eachtra, caithfear é sin a shoiléiriú sa tuairisc chuig an gCoimisinéir Cosanta Sonraí agus caithfear na daoine a sáraíodh a gcuid sonraí pearsanta a chur ar an eolas i scríbhinn freisin.

Seoltar an tuairisc faoin sárú sonraí chuig an gCoimisinéir Cosanta Sonraí taobh istigh de 72 uair a chloig. Tá teimpléid do thuairisc anseo thíos sa chaibidil "Foirmeacha".

Sonraí teagmhála an Choimisinéara Cosanta Sonraí:

Ríomhphost - dpcbreaches@dataprotection.ie

Fón - 1890 252231(lo-call); 00 353 (0) 57 8684800

Faics- 00 353 (0) 57 8684757

# Foirmeacha

Tá sé de dhualgas ar aon fhostaí de chuid Choláiste Cholumba a bhailíonn sonraí ar mhaithe lena gcuid dualgais oibre (m.sh. foirmeacha clárúcháin) a chinntiú do bhfuil an na foirmeacha ábhartha leagtha amach i gcaoi a thagann le bunphrionsabail an pholasaí seo.

Má iarrtar ar dhuine ar bith foirm a líonadh nó sonraí pearsanta a sholáthar ar aon bhealach eile, chaithfear a chinntiú go bhfuil na sonraí sin ábhartha don chuspóir lena bhailítear iad agus go dtuigfidh an té lena bhaineann na sonraí cén fáth go bhfuil na sonraí sin á mbailiú agus céard a dhéanfar leo.

Caithfidh nóta eolais a bheith ar gach fhoirm a léiríonn:

- Go mbeidh na sonraí á gcoinneáil i seilbh Choláiste Cholumba;
- Céard lena haghaidh a bhfuil na sonraí á mbailiú agus á n-úsáid;
- Cé leis a roinnfear na sonraí, más ábhartha;
- Nach mbeifear in ann an tseirbhís atá a lorg ar Choláiste Cholumba a sholáthar gan na sonraí atá á lorg ag Coláiste Cholumba;
- Go bhfuil sé de cheart ag an té lena mbaineann na sonraí pearsanta rochtain a fháil ar na sonraí atá i seilbh Choláiste Cholumba agus iad a cheartú má tá siad míchruinn, mícheart nó as riocht.

D'fhéadfaí an nóta eolais sin a bhunú ar an múnla thíos anseo ach a chinntiú go bhfeileann sé don chás ar leith atá i gceist:

[nóta samplach:]

- "Tá na sonraí seo á lorg ag Coláiste Cholumba ar mhaithe le [*…cuspóir lena bhfuil na sonraí á lorg…*] agus ní bheidh sé ar chumas Choláiste Cholumba an chuspóir sin a bhaint amach gan na sonraí atá á lorg. Caithfear cuid de na sonraí a chur in iúl do [*…aon duine nó eagraíocht a roinnfear na sonraí leo…*] ar mhaithe leis an gcuspóir chéanna. Tá sé de cheart agat rochtain a fháil ar shonraí pearsanta fút atá i seilbh Choláiste Cholumba agus iad a cheartú má tá siad míchruinn, mícheart nó as riocht."

[nóta toilithe:]

- "Aontaím leis na coinníollacha thuasluaite agus tá mé sásta go bhfuil na sonraí seo ceart agus go n-úsáidfidh Coláiste Cholumba agus [*…aon duine nó eagraíocht a roinnfear na sonraí leo…*]mo chuid sonraí ar mhaithe le [*…cuspóir lena bhfuil na sonraí á lorg…*]. [*Le síniú]*."

Foirm Chinntithe Coinneála: (Má tá amhras ann ar cheart sonraí áirithe a scriosadh nó a choinneáil, cuirfear an cheist faoi bhráid an Bhainistíocht. Gheofar comhairle dlí más gá.)

| **Foirm Chinntithe Coinneála** |
|---|
| An cheist a bhfuil amhras fúithi: |
| An té a d'ardaigh an cheist: |
| An dáta a cuireadh an cheist faoi bhráid an Bhainistíocht: |
| Comhairle dlí faighte (más amhlaidh atá): |
| Cinneadh an bhainistíocht |
| Dáta an chinnidh: |
| Síniú an  Bhainisteoir agus dáta: |

Teimpléid Tuairiscithe Sárú ar Shonraí:

| |
|---|
| Mar eolas do Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí |
| dpcbreaches@dataprotection.ie<br>Fón - 1890 252231(lo-call); 057 8684800<br>Faics- 057 8684757 |
| Is oth linn bhur nOifig a chur ar an eolas gur tharla Sárú ar Shonraí i seilbh ár gcomhlachta, Coláiste Cholumba, An Cheathrú Rua, Co na Gaillimhe |
| An dáta agus an t-am a tharla an sárú (más eol): |
| An dáta agus an t-am a tugadh an sárú faoi deara: |
| Dáta na tuairisce seo: |
| An cineál sárú a tharla agus cén chaoi: |
| An cineál sonraí atá i gceist: |
| An méid (measta) daoine a bhaineann na sonraí a sáraíodh leo: |
| An toradh atá nó a d’fhéadfadh a bheith ag an sárú sonraí: |
| Na céimeanna a lean foireann Choláiste Cholumba chun dul i ngleic leis a sárú agus chun an drochthoradh a d’fheadfadh a bheith ar an sárú a theorannú nó a mhaolú: |
| Má mheastar go bhféadfadh cearta cosanta sonraí daoine aonair a bheith sáraithe san eachtra: |
| Comhordnóirí Cosanta Sonraí Choláiste Cholumba: Caoimhín Ó hEaghra, Micheál Ó Domhnaill |